Science Foundation Ireland sfi For what's next

Picnic Spáis; Bia agus Blas sa Spás

Leabhrán Acmhainní don Seomra Ranga

Discover Primary Science and Maths
www.primaryscience.ie

Ireland esero

DPSM/ESERO
Creat Fiosrúcháin

Discover Primary Science and Maths
www.primaryscience.ie

Ireland esero

TÉAMA	Téama foriomlán	
CURACLAM	Snáithe:	
	Mata:	
	Snáithaonad:	
	Cuspóirí Curaclaim:	
	Forbairt Scileanna:	

TÉIGH I NGLEIC		
AN SPREAGTHÓIR	AG DÉANAMH IONTAIS	AG FIOSRÚ

IMSCRÚDAIGH			
CEIST TOSAIGH	AG TUAR	AG DÉANAMH AN IMSCRÚDAITHE	AG ROINNT: LÉIRMHÍNIÚ AR NA SONRAÍ / NA TORTHAÍ

GLAC AN CHÉAD CHÉIM EILE		
AN FHOGHLAIM A CHUR I BHFEIDHM	NAISC A DHÉANAMH	GNÍOMHAÍOCHTAÍ MACHNAMHACHA

Nithe ar chóir smaoineamh orthu

MACHNAMH	

DPSM/ESERO
Creat Fiosrúcháin

TÉAMA	PICNIC SPÁIS; BIA AGUS BLAS SA SPÁS
CURACLAM	**Snáithe:** Dúile Beo **Snáithaonad:** Saol an Duine/Próisis de chuid Shaol an Duine/Na Céadfaí **Cuspóirí Curaclaim:** Tuiscint bhunúsach a fháil ar chúrsaí bia agus cothaithe sa spás. **Forbairt Scileanna:** Ag ceistiú, ag tuar, ag imscrúdú, ag taifeadadh, ag breathnú, ag déanamh anailíse.

TÉIGH I NGLEIC

AN SPREAGTHÓIR

Spreagadh – Ciseán picnice agus pluid ar taispeáint ag barr an tseomra. Taispeáin pictiúir d'áiteanna éagsúla – an trá, an oifig, réigiún polach, garraí agus páirc.

Cuir na ceisteanna seo a leanas ar na daltaí:

1. Cén áit ar mhaith libh picnic a bheith agaibh agus cén fáth?
2. An mbíonn tionchar ag gnéithe comhshaoil ar na céadfaí agus an bhféadfadh na gnéithe sin dul i bhfeidhm ar rogha na háite nó cur orainn áit éagsúil a roghnú?
3. An dtéann áit/teocht i bhfeidhm ar bhlas an bhia nó ar an taitneamh a bhainimid as an mbia?

Luaigh go bhféadfaí picnic a bheith ag duine sa Spás. An mbeadh tionchar ag na nithe thuas a phléigh na daltaí ar an bpicnic? Cad iad na cúinsí eile ar ghá dul i ngleic leo chun picnic a bheith agat sa spás. Fiafraigh de na daltaí cén cineál bia a itheann na spásairí sa Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta (mar shampla, bia úr, bia réamhphacáistithe srl.)

AG DÉANAMH IONTAIS

- ***Taispeáin pictiúr de spásairí agus iad ag ithe le chéile, cuir ceist cén tábhacht a bhaineann leis sin.*** (Tá tábhacht shóisialta na mbéilí agus an tábhacht a bhaineann le béile a chaitheamh i gcuideachta a chéile díreach chomh fíor céanna sa spás is atá ar domhan.)
- ***Cén fáth, dar libh, an itheann na spásairí an cineál céanna bia sa spás is a itheann siad ar domhan?*** (Ar mhaithe le sláinte an choirp; srianta ar aiste bia an spásaire, ag gá atá lena bheith i mbun aclaíochta, iontógáil calraí/luach cothaithe/ról i dtaobh sláinte shíceolaíoch na spásairí a chothú; is féidir leis an mbia an saol sa bhaile a chur i gcuimhne dóibh.)
- ***Meas sibh cá bhfaigheann na spásairí a gcuid soláthairtí bia?*** Taispeáin pictiúr de spásaire in ollmhargadh chun na daltaí a spreagadh. Bíodh babhta tobsmaointe agaibh chun freagraí a thabhairt ar an gceist. Mínigh an ról atá ag ATV (feithicil uathaistrithe). Seinn an ghearrthóg ó Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa ina bhfuil cur síos ar na rudaí a bhíonn in ATV: https://youtu.be/7iI2FyLVXGo

AG FIOSRÚ

Ag ithe sa Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta: **Gníomhaíocht Sórtála:** Iarr ar na daltaí bianna pacáistithe éagsúla a scrúdú agus a shórtáil.

1. Tabhair tamall do na daltaí chun a phlé cé chomh feiliúnach atá na hearraí bia sin chun dul go dtí an spás, mar bhéile i gcomhair na spásairí.
2. Iarr ar na daltaí na lipéid a scrúdú agus féachaint céard atá curtha leo ionas go seasfaidh an bia achar níos faide?
3. Cad iad na cineálacha pacáistí ina bhfuil an bia? Cén fáth go bhfuil an bia á phacáistiú ar an gcaoi sin?
4. Conas a chuirfeá na bianna is fearr leat i bpacáistí chun dul chuig an spás nó ar thuras dúlra fada?

Taispeáin pictiúir de bhia pacáistithe a cuireadh chuig an Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta – pléigh an pacáistiú agus féach siar ar na bianna a ndearna na daltaí a shórtáil.

- Seinn an ghearrthóg ina bhfuil spásaire ag caint faoin tábhacht a bhaineann le bia sláintiúil a ithe sa spás: https://youtu.be/18TsNgHlapY
- Taispeáin pictiúir de spásairí agus bia ar foluain thart orthu. Cuir ceist ar na daltaí an dtéann an dímheáchan sa spás i bhfeidhm ar bhlas an bhia. Déan babhta tobsmaointe leis an rang.

Gearrthóg físe de bheith ag ithe sa spás: https://youtu.be/2jhYIG1f9cc:

- Deacrachtaí, conas an chócaireacht a chur in oiriúint, béile a ullmhú chun an dinnéar a réiteach agus a ithe sa spás.
- Uisce a úsáid, é a théamh: conas a dhéantar sin?
- Úsáid a bhaint as blastáin, mar shampla citseap, im piseanna talún, anlann soighe, mil. Cén chaoi a n-úsáidtear iad? Cén fáth?

Nithe ar chóir smaoineamh orthu

Má tá ailléirge ar dhalta, tá sé riachtanach go nglacfar na bearta is gá chun bia eile a chur in ionaid an tsampla bia sin san imscrúdú.

Roinnfear na daltaí ina ngrúpaí cumais mheasctha i gcomhair na gceachtanna seo ar mhaithe leis an bpiarfhoghlaim.

Bileoga taifid difreáilte – ina bhfuil tús abairtí agus/nó íomhánna mar áiseanna scríbhneoireachta.

DPSM/ESERO
Creat Fiosrúcháin

Discover Primary Science and Maths
www.primaryscience.ie

Ireland esero

IMSCRÚDAIGH

CEIST TOSAIGH	AG TUAR	AG DÉANAMH AN IMSCRÚDAITHE	AG ROINNT: LÉIRMHÍNIÚ AR NA SONRAÍ / NA TORTHAÍ
1. Cé mhéad blaslóg a bhíonn ag páiste? 2. Cad iad na 4 bhlas a fhaightear ar an teanga? 3. Cén blas a bhíonn ar bhia sa spás?	• An aithneoidh mé na blasanna go léir go héasca? • Cén blas a bheidh ar an mbia: an blas féin, teocht, uigeacht. • Má chuirim púicín orm féin agus mo shrón a dhúnadh, an ndéanfaidh sé sin aon difríocht? Cén fáth a bhféadfadh sé difríocht a dhéanamh? • An bhféadfadh cuid de na blasanna samhnas a chur orm? • An mar sin a bhíonn sé sa spás? • An mbeidh an chéad bhlas liom go fóill agus mé ag triail a dhéanamh amach céard é an chéad cheann eile? • An bhfaighimid go léir an blas agus an mothúchán céanna ó na samplaí? Cén fáth? Mura bhfaighidh, cén fáth?	**N.B. Cinntigh go ndéanfar socrú i gcomhair na bpáistí a bhfuil ailléirgí orthu agus go gcuirfear samplaí bia oiriúnacha in ionad na gcinn a bhfuil ailléirge orthu ina leith.** • Roinn na daltaí i gCriúnna Triúir – Baill Chriú A, B agus C • Caithfidh na páistí i gCriú A púicíní agus blaisfidh siad den bhia. Tabharfaidh duine de Chriú B blaiseadh de na bianna éagsúla dóibh ar spúnóg, sampla bia i ndiaidh a chéile. • Breacfaidh duine de Chriú C síos tuairimí A ar an mbileog sonraí faoi Bhlaiseadh Dall an Bhia. • Iarr ar na baill de Chriú A púicíní a chur orthu féin a fhad agus a gheobhaidh na baill de Chriú B sé chupán, agus lipéid orthu ar a bhfuil scríofa Cupán 1... Cupán 6. Gheobhaidh baill Chriú C bileog sonraí agus peann luaidhe.	Taispeáin bileog sonraí an bhia ar chlár bán idirghníomhach nó ar an amharcléiritheoir. Pléigh na torthaí a aimseoidh na daltaí faoi bhlas. • Cad a d'fhoghlaimíomar ón imscrúdú faoi bhlaiseadh dall? • An ndearna sé difríocht nach raibh an bia le feiceáil? • An ndearna sé difríocht nach raibh boladh ón mbia? • An raibh sé níos éasca roinnt bianna a aithint ná a chéile? Cén fáth? Mura raibh, cén fáth? • An raibh na páistí ar a suaimhneas leis an mblaiseadh dall? • An gceapann tú gur gá oiliúint a chur ar spásairí faoi bhia spáis? • Ar mhaith leat dul faoi oiliúint mar spásaire/a bheith i do spásaire?

GLAC AN CHÉAD CHÉIM EILE

AN FHOGHLAIM A CHUR I BHFEIDHM	NAISC A DHÉANAMH	GNÍOMHAÍOCHTAÍ MACHNAMHACHA

An Fhoghlaim a chur i bhFeidhm:

- Scrúdaigh torthaí an turgnaimh trí na sonraí a chur le chéile agus iniúchadh a dhéanamh orthu maidir le codáin, deachúlacha agus céatadáin. Cuir i láthair na sonraí i bhfoirm léaráide agus pléigh na torthaí.
- Sonraí a d'fhéadfaí a chur i láthair: an sampla bia is fearr libh/is lú a thaitníonn libh, líon na samplaí ar thug na daltaí buille faoi thuairim ceart/mícheart ina leith, samplaí bia a bhí searbh/gort/milis/géar srl.

Naisc a Dhéanamh:

- Scrúdóidh na daltaí an coincheap 'aistriú sreabháin' agus pléifidh siad an tionchar a bhíonn aige ar an mblas a bhíonn ar bhia sa spás. Féach ar an ngearrthóg físe ina bpléann Tim Peake athrú sreabháin. Déanfaidh na daltaí iarracht mothúchán an aistrithe sreabháin a mhacasamhlú san imscrúdú trí bhlaiseadh den sampla bia den tríú huair mar seo a leanas: cuirfidh na daltaí a gceann idir a gcosa ar feadh 30 soicind roimh bhlaiseadh den sampla bia.
- Tá súil ag Gníomhaireacht Spáis na hEorpa go bhféadfar na 9 gcomhábhar bhunúsacha seo a fhás i dtithe gloine ar Mhars: rís, oinniún, trátaí, soighe, prátaí, leitís, spionáiste, cruithneacht agus spirulina. Dearfaidh na daltaí pacáistí oiriúnacha chun na cineálacha bia thuas a sheoladh chuig Mars don mhisean. Bain úsáid as an leathanach de chuid Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa – 'Living in Space: Meals for Martians' mar áis: https://www.esa.int/esaKIDSen/SEMQ8F1DU8E_LifeinSpace_0.html . Cad a íosfaidh spásairí ar Mhars? D'fhéadfaí an t-iniúchadh faoi bhia a fhás sa spás a nascadh leis an snáithaonad faoi phlandaí agus ainmhithe i snáithe na nDúl Beo.

Gníomhaíochtaí Machnamhacha:

- Smaoinigh ar na deacrachtaí a bhaineann le bia a iompar chuig an spás, aiste bia shláintiúil, chothrom a bheith ag na spásairí sa spás, na bealaí nach mór do spásairí a gcuid nósanna itheacháin/aistí bia a chur in oiriúint. Pléigh na hábhair sin.
- Na himpleachtaí atá ag torthaí na ndaltaí maidir le misin go Mars agus níos faide anonn amach anseo.

MACHNAMH	
	• Ar chomhlíon mé mo chuspóirí foghlama? • Cad ar éirigh go maith leis? • Cén chaoi a bhféadfaí é a fheabhsú? • Fiafraigh de na páistí an athróidís rud ar bith nó an ndéanfaidís aon rud ar bhealach éagsúil. • An bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag na páistí maidir lena gcuid scileanna eolaíochta? • An bhfuil deiseanna traschuraclaim le tapú anseo?

MOTHAIGH AMHAIL IS GUR SPÁSAIRE THÚ!

Daoine sa spás

38

am

- 55 nóiméad

Leid Téigh i mbun na gníomhaíochta seo sa seomra aclaíochta.

torthaí foghlama

- Faigh amach conas a níonn spásaire é nó í féin
- Féach conas a itheann spásaire bricfeasta
- Bíodh a fhios gur féidir le spásaire samhnas a bheith air nó uirthi uaireanta
- Braith ar feadh nóiméid nach bhfuil meáchan ar bith ionat
- Faigh amach go bhfuil sé deacair a bheith ag obair agus éadaí spásaire ort
- Faigh amach conas a stopann spásaire a chuid nó a cuid giuirléidí ó bheith ar foluain
- Smaoiníodh an páiste an dtaitneoidh sé leis nó léi a bheith ina spásaire

ábhair atá ag teastáil

- grianghraf de shaol an spásaire (san Aguisín)
- grianghraf de spásairí agus iad ag ithe (san Aguisín)
- 2 chulaith sciála
- 2 phéire lámhainní
- 2 chlogad
- 2 chnó
- 2 bholta
- 2 chathaoir
- 2 rópa
- 2 spúnóg
- 2 mhála phlaisteacha
- 2 chartán bheaga dí (an cineál nach mór iad a fháisceadh chun ól astu)
- tuáillí aghaidhe agus iad fliuch
- cathaoir oifige
- bosca ar féidir leat léim de (seomra aclaíochta)
- mata tuirlingthe (seomra aclaíochta)
- smeach-chairt
- pinn fheiltbhioracha
- Velcro
- pinn luaidhe dhaite

Ullmhúchán

Don ghníomhaíocht **Saol an spásaire** teastóidh na grianghraif 'Saol an spásaire' agus 'Spásairí agus iad ag ithe' ón Aguisín uait. Don ghníomhaíocht **Is spásaire thusa!** roinn an seomra aclaíochta ina shé chuid. Ullmhaigh na hacmhainní i gcomhair gach gníomhaíochta.

Don ghníomhaíocht **Conas a itheann spásaire bricfeasta?** leag na rópaí ar na cathaoireacha ionas gur féidir leis na páistí iad féin a cheangal leo.

Don ghníomhaíocht **Conas a mhothaíonn sé a bheith ag obair mar spásaire?** ullmhaigh na cnónna agus na boltaí a bheidh na páistí á scriúáil le chéile.

Don ghníomhaíocht **Conas a stopann spásaire a chuid nó a cuid giuirléidí ó bheith ar foluain?** greamaigh píosa beag Velcro ar roinnt peann feiltbhiorach. Greamaigh an taobh eile den Velcro don chlár. Déan 24 cóip den phictiúr den spásaire ó dheireadh an cheachta seo agus cuir leis an ngníomhaíocht seo iad.

Saol an spásaire 10 nóiméad

Inis scéal Shéimí an Spásaire ar an gcéad leathanach eile. Agus an scéal á insint agat, taispeáin na grianghraif de na gníomhaíochtaí éagsúla ar an mbileog phlé agus ón Aguisín.

Dúisíonn Séimí. Tá sé ag luí ina mhála codlata. Ba mhaith leis éirí, ach ar dtús ní mór dó a chuid criosanna sábhála a oscailt. Tá sé 'ar crochadh' ar an mballa. Téann Séimí chun é féin a nigh. Níl cithfholcadh ar bith ann. Níonn sé é féin le tuáille aghaidhe fliuch. Gléasann Séimí é féin. Ar dtús cuireann sé air a fhorchóta. Anois tá sé réidh i gcomhair an bhricfeasta. Ceanglaíonn sé é féin do chathaoir. Ólann sé ó chartán. Dá ndéanfadh sé iarracht ól as gloine, d'imeodh an deoch ar foluain. Ba mhaith le Séimí rud éigin a ithe chomh maith. Úsáideann sé spúnóg chun roinnt bia a fháil as an mála plaisteach. Ní mór dó é a chur ina bhéal go tapa sula n-imeoidh sé ar foluain. Tagann samhnas beag ar Shéimí. Tá an samhnas spáis air. Sin mar gheall nach bhfuil meáchan ar bith ann san áit ina bhfuil sé. Ní bhíonn tionchar ar bith ag an domhantarraingt i ndáiríre sa stáisiún spáis, agus sin an fáth a bhfuil sé ar foluain. Cé nach bhfuil Séimí ag aireachtáil go hiontach, tá obair le déanamh aige. Cuireann sé air a chulaith spáis, a chuid lámhainní agus a chlogad. Anois, tá sé réidh le dul amach as an stáisiún spáis. Úsáideann sé a chuid uirlisí chun cnó agus bolta a fháisceadh ar a chéile. Chleachtaigh sé an obair sin go mion minic cheana, mar sin ní rud deacair é. Scríobhann sé síos an méid atá déanta aige. Ní mór dó peann a fháil chun é sin a dhéanamh. Tá an peann greamaithe don bhalla le Velcro. Nuair a bheidh sé críochnaithe, úsáidfidh sé an Velcro chun an peann a chur i bhfostú ar an mballa arís. Mura ndéanfadh sé é sin, rachadh an peann ar foluain. Tógann sé tamall dul i dtaithí ar shaol an spásaire, ach tá áthas ar Shéimí go ndeachaigh sé ina spásaire!

Foghlaimeoidh na páistí conas mar atá sé a bheith i do spásaire.

Is spásaire thusa! 30 nóiméad

Eagraigh na páistí i ngrúpaí ceathrair. Cuir gach grúpa i mbun gníomhaíocht éagsúil. Mínigh dóibh go bhfuil siad chun saol spásaire a shamhlú. Ní mór dóibh na ceisteanna seo a leanas a chur orthu féin:

- Conas a níonn spásaire é nó í féin?
- Conas a itheann spásaire bricfeasta?
- Conas a mhothaíonn spásaire?
- Conas mar a mhothaíonn sé a bheith gan meáchan ar bith?
- Conas mar a mhothaíonn sé a bheith ag obair mar spásaire?
- Conas a stopann spásaire a chuid nó a cuid giuirléidí ó dhul ar foluain?

Eolas úsáideach.

I ndáiríre caitheann spásairí forchóta laistigh den spásárthach. Ní chuireann siad orthu an culaith spáis agus an clogad ach chun dul amach ar shiúlóid spáis.

Tosóidh na grúpaí go léir ar a gcéad ghníomhaíocht. Tar éis cúig nóiméad bogfaidh gach grúpa ar aghaidh go dtí an gcéad ghníomhaíocht eile, ionas go mbeidh seans acu ar gach uile rud faoi dheireadh an cheachta. Bí cúramach le linn na gníomhaíochta Conas a mhothaíonn spásaire? nach mbainfear an iomarca casadh as na páistí. Níor mhaith leat go dtiocfadh samhnas orthu i ndáiríre.

Conas a níonn spásaire é nó í féin?

Baineann na páistí triail as a n-aghaidh a níochán le héadach aghaidhe fliuch, duine i ndiaidh a chéile.

Conas a itheann spásaire bricfeasta?

Ceanglaíonn na páistí iad féin de chathaoir, duine i ndiaidh a chéile. Mínigh gurb é an chaoi, le linn na gníomhaíochta seo, nach mbeidh na páistí ach ag ligean orthu féin gur ag ithe agus ag ól atá siad, agus nach mbeidh siad ag ithe agus ag ól i ndáiríre. 'Ólfaidh' an páiste ón gcartán agus úsáidfidh sé nó sí an spúnóg chun 'ithe' as an mála plaisteach. Ní mór dóibh a bheith tapa nó rachaidh an bia ar fad ar foluain!

Conas a mhothaíonn spásaire?

Suífidh páiste amháin ar chathaoir oifige roithleánach agus na súile dúnta aige nó aici. Casfaidh páiste eile an chathaoir timpeall cúpla babhta. Stop an chathaoir.

Conas mar a mhothaíonn sé a bheith gan mheáchan?

Léimfidh an páiste ó bhosca anuas ar mhata tuirlingthe. Mothóidh sé nó sí ar feadh tamaillín amhail is nach bhfuil meáchan ar bith ann nó inti.

Conas mar a mhothaíonn sé a bheith ag obair mar spásaire?

Cuirfidh an páiste culaith sciála, lámhainní, agus clogad air féin nó uirthi féin. Scriúálfaidh an páiste an cnó ar an mbolta. Ansin bainfidh sé nó sí as a chéile arís iad. Nuair a bheidh an páiste críochnaithe bainfidh sé nó sí na héadaí de nó di féin.

Conas a stopann spásaire a chuid nó a cuid giuirléidí ó dhul ar foluain?

Dathóidh na páistí isteach an spásaire ar an mbileog oibre. Is féidir leo dathanna éagsúla a úsáid. Gach uile uair a bheidh siad réidh le peann feiltbhiorach ní mór dóibh é a ghreamú ar ais ar an Velcro. Iarr orthu a gcuid ainmneacha a scríobh ar a mbileog oibre agus í a fhágáil in áit shábháilte agus iad ag tabhairt faoi na gníomhaíochtaí eile.

Tabhair na páistí ar ais go dtí an seomra ranga. Scaip na bileoga oibre orthu.

Déanfaidh na páistí Tasc 1 agus Tasc 2 ar an mbileog oibre.

Cé atá ag iarraidh a bheith ina spásaire? 15 nóiméad

Suigh i gciorcal leis na páistí. Cad a cheap siad faoi na gníomhaíochtaí? Pléigh na gníomhaíochtaí éagsúla, ag baint úsáide as na bileoga oibre atá líonta isteach agaibh.

Cuir na ceisteanna seo a leanas:

- Ar thaitin sé leis na páistí iad féin a níochán le héadach fliuch? An aireoidís uathu é a bheith in ann cithfholcadh a ghlacadh mar a dhéanann siad go hiondúil?
- Conas a mhothaigh siad faoi gurbh éigean dóibh an bricfeasta a ithe go tapa as mála plaisteach agus ól ó chartán? An mbeidís in ann coinneáil orthu á gceangal féin le rudaí ionas nach rachaidís ar foluain?
- Conas mar a mhothaíonn sé samhnas a bheith ort? An mbeidís in ann déileáil le samhnas a bheith orthu lá i ndiaidh lae?
- Conas ba mhaith leo a bhraith nach raibh meáchan ar bith iontu ar feadh an lae ar fad?
- An bhfuil sé deacair a bheith ag obair agus culaith spásaire ort?
- Conas a bhraithfidís faoi gach rud a bhí ag teastáil uathu a fháil ón mballa i gcónaí agus é a chur i bhfostú ar an mballa arís láithreach?

Ar mhaith leis na páistí a bheith ina spásairí? Spreag iad chun a gcuid cúiseanna a mhíniú don rang.

Ar athraigh siad a n-intinn ó thús an cheachta?


esa

Mothaigh amhail is gur spásaire thú!

1 Is spásaire thusa!

Cad is maith leat faoi bheith i do spásaire? Agus cad nach maith leat?

is maith/ní maith

is maith/ní maith

Cuir CIORCAL timpeall ar an rud is maith leat/ nach maith leat

is maith/ní maith

is maith/ní maith

is maith/ní maith



is maith/ní maith

2 Cé atá ag iarraidh a bheith ina spásaire?

Ar mhaith leat dul faoi oiliúint le bheith i do spásaire? ba mhaith/níor mhaith

Spásairí ag ithe CEACHT 38

Saol an spásaire CEACHT 38

Discover Primary Science and Maths
www.primaryscience.ie

Science Foundation Ireland sfi For what's next

Ireland esero

PICNIC SPÁIS

Bia agus Blas sa Spás – Bileog Sonraí

Ainm an té atá ag blaiseadh:

Sampla Bia	Leis an tsrón dúnta Cur síos ar an mblas	Déine agus an tsrón dúnta (0-10)	Leis an tsrón oscailte Cur síos ar an mblas	Déine agus an tsrón oscailte (0-10)	Ar aithníodh an bia? (Aithníodh/ Níor aithníodh)
Cupán 1					
Cupán 2					
Cupán 3					
Cupán 4					
Cupán 5					
Cupán 6					

Ainm an té atá ag blaiseadh:

Sampla Bia	Leis an tsrón dúnta Cur síos ar an mblas	Déine agus an tsrón dúnta (0-10)	Leis an tsrón oscailte Cur síos ar an mblas	Déine agus an tsrón oscailte (0-10)	Ar aithníodh an bia? (Aithníodh/ Níor aithníodh)
Cupán 1					
Cupán 2					
Cupán 3					
Cupán 4					
Cupán 5					
Cupán 6					

ÁBHAIR A THEASTAÍONN DON PHICNIC SPÁIS
Creatchlár maidir le Bia agus Blas sa Spás

Gníomhaíocht sórtála maidir le pacáistiú bia

Roghnaigh a lán cineálacha éagsúla bia, agus bia úr, bia i gcannaí stáin, agus pacáistí bia ina measc, agus na pacáistí déanta as ábhair éagsúla cosúil le scragall nó plaisteach. Seo samplaí de bhia a d'fhéadfaí a úsáid:

- Trátaí de chineálacha éagsúla (úr, i gcanna stáin, purée i dtiúbanna)
- Torthaí agus glasraí úra
- Sú torthaí i gcartáin nó i mbuidéil bheaga
- Blastáin cosúil le citseap, salann, piobar, siúcra, subh agus mil i saicíní
- Anraith i gcanna stáin nó i bpaicéad
- Rís/núdail
- Barraí muslaí agus brioscaí i bpacáistí éagsúla
- Fillteoga/arán piota

Fiosrúchán faoi bhlaiseadh

Teastóidh na rudaí seo thíos ó gach grúpa:

- 6 chupán chlúdaithe ina bhfuil míreanna bia agus iad lipéadaithe le huimhreacha ó 1 go dtí 6 (déan cinnte nach bhfuil a fhios ag na daltaí céard atá iontu agus nach bhfaighidh siad boladh an bhia).
- Ba chóir an méid céanna bia a bheith i ngach cupán
  - Cupán 1 – anlann úll
  - Cupán 2 – anraith muisiriún
  - Cupán 3 – iógart le fraocháin nó sú craobh
  - Cupán 4 – Caife gan bhainne (gan chaiféin más maith leat) nó seadóg
  - Cupán 5 – Deoch seacláide
  - Cupán 6 – Sú oráiste
- 3 spúnóg phlaisteacha – ceann do gach ball den chriú
- Púicín
- Fáiscín sróine i gcomhair snámha
- Bileog sonraí agus peann le haghaidh torthaí an imscrúdaithe a bhreacadh síos.

Acmhainní Breise Ar Líne

Naisc físe a úsáidtear sa chreat

- Inneachar ATV a seoladh chuig an Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta https://youtu.be/7iI2FyLVXGo
- Gearrthóg ina bhfuil spásaire ag caint faoin tábhacht a bhaineann le bia sláintiúil a ithe sa spás https://youtu.be/18TsNgHlapY
- Cooking with Astronauts: The Great British Space Dinner https://youtu.be/2jhYIG1f9cc
- Gníomhaireacht Spáis na hEorpa – 'Living in Space: Meals for Martians' https://www.esa.int/esaKIDSen/SEMQ8F1DU8E_LifeinSpace_0.html

Naisc úsáideacha eile

- Gníomhaireacht Spáis na hEorpa, Cúinne na Múinteoirí, Acmhainní don Seomra Ranga – An Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta http://www.esa.int/Education/Teachers_Corner
- Gníomhaireacht Spáis na hEorpa, an spásaire Samantha Cristoforetti, Cooking on the ISS https://www.youtube.com/watch?v=4exaXdPKS3Y
- An mbíonn blas láidir ar an mBia sa Spás? Tim Peake https://www.youtube.com/watch?v=AjbLJKuWph8
- Achoimre ó Heston Blumenthal, Cooking with Astronauts https://www.youtube.com/watch?v=2jhYIG1f9cc

DPSM/ESERO

Creat Fiosrúcháin – Cothú na Cuimsitheachta

SPECIAL EDUCATION SUPPORT SERVICE
building on ability

Agus gníomhaíochtaí eolaíochta á bpleanáil do dhaltaí ag a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais, is gá roinnt nithe ar leith a chur san áireamh. Ní mór an creat fiosrúcháin a úsáid chun pleanáil go cúramach i gcomhair na cuimsitheachta, agus é ina chuspóir againn na daltaí a bheith ag gabháil don eolaíocht fhiúntach. Luaitear thíos roinnt réimsí a bhféadfadh deacrachtaí a bheith i gceist leo, mar aon le moltaí faoi straitéisí. Níl an liosta seo uileghabhálach, agus tá straitéisí breise ar fáil sna Treoirlínte do Mhúinteoirí na nDaltaí faoi Mhíchumas Ginearálta Foghlama (CNCM, 2007).

TÉIGH I NGLEIC

DEACRACHT FHÉIDEARTHA	STRAITÉISÍ
Moill ar fhorbairt teanga/ stór teoranta focal nó coincheap	• Múin foclóir na heolaíochta trí bhrí a léiriú agus/nó leas a bhaint as áiseanna amhairc (ábhar, airí, láidir, lag, uigeach, loigíneach, súiteach, fórsa, domhantarraingt). • Iarr ar an dalta léiriú a thabhairt ar fheiniméin eolaíochta, an domhantarraingt, mar shampla. Bain leas as 'tabhair dom, taispeáin dom, déan é seo dom' a oiread agus is féidir. • Cabhraigh leis an dalta smaointe a chur in iúl trí scafláil, trí chur síos a dhéanamh ar an rud atá a léiriú, nó trí shamhail a dhéanamh. • Bain úsáid as an súgradh faoin aer chun coincheapa a fhorbairt.

IMSCRÚDAIGH

DEACRACHT FHÉIDEARTHA	STRAITÉISÍ
An páiste buartha go dteipfidh air nó uirthi / easpa féinmhuiníne / faitíos air nó uirthi dul sa seans	• Samhaltaigh an tuairimíocht faoi fhreagraí agus smaointe éagsúla. • Abair amach moltaí ó na daltaí agus breac síos iad, agus téigh siar orthu arís
Am agus Cróineolaíocht a Thuiscint	• Cleachtaigh taifeadadh a dhéanamh ar imeacht ama, bunaigh gnáthaimh seomra ranga a dhíríonn aird na ndaltaí ar thomhas an ama. • Múin foclóir an ama agus bain úsáid as.
Deacrachtaí i dtaobh Scileanna Mion-luaileacha agus Scileanna Oll-luaileacha	• Fág bhur ndóthain ama chun a bheith ag cleachtadh conas trealamh nua a láimhseáil. • Fág am breise le haghaidh léaráidí a tharraingt, samhlacha a dhéanamh srl. • Tabhair an rogha do na daltaí an obair a mhíniú ó bhéal nó i bhformáid eile.
Cuimhne	• Tabhair leideanna amhairc nó siombailí don dalta a chuirfidh i gcuimhne dó nó di na céimeanna éagsúla den imscrúdú.

GLAC AN CHÉAD CHÉIM EILE

DEACRACHT FHÉIDEARTHA	STRAITÉISÍ
Smaointe a Fhorbairt	• Bíodh na smaointe chomh simplí agus is féidir, úsáid íomhánna chun smaointe a luadh níos luaithe a chur i láthair arís. • Pléigh na smaointe leis an ngrúpa ar fad. • Abair amach moltaí ó na daltaí agus breac síos iad, agus téigh siar orthu arís níos déanaí.
Smaointe a Chur in Iúl	• Iarr ar na daltaí cur síos ó bhéal a dhéanamh ar a gcuid tuairimí, nó cur síos a dhéanamh orthu ar shlí eile agus iad ag úsáid stór focal atá ag dul i méid. • Léirigh torthaí na n-imscrúduithe: can, tarraing pictiúir nó tóg pictiúir le ceamara. • Úsáid TFC: tuairiscí simplí agus iad scríofa nó déanta le próiseáil focal, grianghraif, fístaifeadtaí ar na himscrúduithe.

MACHNAMH

- Ar chuir mé san áireamh na riachtanais foghlama ar leith atá ag mo chuid daltaí? Cad iad na straitéisí idirdhealaithe ar éirigh go maith leo?
- Ar chinntigh mé go raibh ábhar na gceachtanna soiléir agus go raibh na hábhair a úsáideadh oiriúnach?
- An raibh mé ar an eolas faoi luas oibre na ndaltaí agus faoin ngníomhaíocht coirp a bhí de dhíth?
- An bhfuil deiseanna traschuraclaim le tapú anseo?
- An bhfuil dul chun cinn á dhéanamh ag na daltaí maidir lena gcuid scileanna? Ar bhain na daltaí taitneamh as an ngníomhaíocht?

Tá straitéisí, acmhainní agus tacaíocht bhreise ar fáil ag **www.sess.ie**

Discover Primary Science and Maths
www.primaryscience.ie
Science Foundation Ireland sfi For what's next
Ireland esero

NAISC CHURACLAIM

PICNIC SPÁIS; BIA AGUS BLAS SA SPÁS

Béarla/Gaeilge

- Béarla – Lá i saol an spásaire/Dul amach as an Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta chun rudaí a dheisiú.
- Béarla/Gaeilge – Biachlár a scríobh – The Great British Space Dinner – Heston Blumenthal.
- Scríobh treoracha i dtaobh bia a ithe/a stóráil agus a bheith i mbun cócaireachta sa Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta.
- Gaeilge – Dialann Lae: lá a chaith mé sa Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta le mo chara Tim Peake.
- Filíocht – Dán a scríobh faoi bheith i do Spásaire sa Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta.
- Scríobh dialann faoin tréimhse a chaith tú sa Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta.
- Iarratas ar phost mar spásaire.
- Scríobh litir chuig Gníomhaireacht Spáis na hEorpa ag iarraidh eolas faoina gcuid misean is déanaí.
- Tuairisc nuachtáin faoin saol ar Mhars.
- Agallamh le Tim Peake/Chris Hadfield faoin tréimhse a chaith siad sa Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta.
- Liosta de na hearraí a seachadadh chuig an Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta ón bhfeithicil uathaistrithe tacaíochta de chuid Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa – Georges Lemaître.
- Scríobh léirmheas ar an scannán Alien Planet (scannán de chuid George Lucas).
- Filíocht – Ag breathnú siar ar an Domhan – Táim ag breathnú thart.

OSIE

- Tíreolaíocht – Déan staidéar ar an nGrianchóras – na pláinéid, scrúdaigh plandaí, an gá le huisce ionas gur féidir le rud ar bith maireachtáil.
- Stair – Amlínte, Aireagóirí, Innealtóirí, Eolaithe, stair an Domhain, an chéad tuirlingt ar an nGealach, stair an Stáisiúin Spáis Idirnáisiúnta, stair na Satailítí, stair an spástaistil.

Na Dána

- Dráma – An Glantachán Mór sa Spás – Cé a chuir i bhfolach mo scuab fiacla? Cuir daltaí i ngrúpaí agus iad ag déanamh aithris ar spásairí ag glanadh an Stáisiúin Spáis Idirnáisiúnta, agus duine de na spásairí ag ligean amú scuab fiacla le spásaire eile agus iad i mbun glantacháin.
- Drámaíocht – A Bheith i do Spásaire sa Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta/Ag siúl ar an nGealach/Ag Tuirlingt ar Mhars.
- Ealaín – Scáthphortráidí, roicéid 3T, an Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta, satailít, tuirlingeoir ar Mhars – Schiaparelli, Teileascóp Rosetta/Hubble a dhéanamh as ábhair in-athchúrsáilte.
- Ealaín – Radharc ó m'fhuinneog sa Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta.
- Ealaín – Dear biachlár don chriú sa Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta.
- Tarraing agus dear stiallchartún ina léirítear do chuid eachtraí sa Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta, ar Mhars, ar an nGealach nó faoi Thuirlingt ar Chóiméad.
- Ceol agus Ealaín – The Planets le Gustav Holst, Éisteacht agus Freagairt/Cumadóireacht.
- Ceol – Éisteacht agus Freagairt: John Williams – Ceol ó Star Wars/ET.
- Ceol – Éisteacht agus Freagairt: John Adams – Short Ride in a Fast Machine.
- Ceol agus Ealaín – The Planets le Gustav Holst, Éisteacht agus Freagairt/Cumadóireacht.

OSPS & Corpoideachas

- OSPS – Bia sláintiúil, aire a thabhairt dóibh féin, aclaíocht, fiacla.
- Corpoideachas – Misean X – aclaíocht sa Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta: http://trainlikeanastronaut.org
- Corpoideachas – Oiliúint maidir le Domhantarraingt Nialais – oiliúint ard-déine.

Science Foundation Ireland For what's next

Fondúireacht Eolaíochta
Éireann
Teach Pháirc Wilton
Plás Wilton
Baile Átha Cliath 2
Éire

t: +353 1 6073184
Primaryscience@sfi.ie